An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge

## Miontuairiscí - Cruinniú 10 – 27 Deireadh Fómhair 2023

**LÁTHAIR:** Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

**DÁTA:** Dé hAoine, an 27 Deireadh Fómhair 2023

**AM:** 10:00 – 13:00

**I LÁTHAIR:**

| Ainm | Eagraíocht | Ról | Modh |
|---|---|---|---|
| An Dr. Aodhán Mac Cormaic | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán | Cathaoirleach | Ar an Láthair |
| Sandra Cairns (thar ceann Sinéad Coleman) | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | Comhalta | Ar an Láthair |
| John Howlin | An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe | Comhalta | Ar an Láthair |
| An Ceannfort Seán Glynn | An Garda Síochána | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Eithne Fox | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Breandán Mac Craith | Foras na Gaeilge | Comhalta | Ar an Láthair |
| John Prendergast | Pobail Ghaeltachta | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Mairéad Ní Ghabháin | Pobail Teanga lasmuigh den Ghaeltacht | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Niamh Kenny | An Roinn Coimirce Sóisialaí | Comhalta | Ar an Láthair |
| Mags Campbell | An Roinn Oideachais | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Edel Mhic Amhlaidh (Thar ceann Jim Molloy) | An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | Comhalta | Ar an Láthair |
| Emily Maloney | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Rúnaí | Ar an Láthair |
| Sadhbh Ó Cinnseala | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Príomhoifigeach Gníomhach an Aonaid | Ar an Láthair |
| An Dr. Kerron Ó Luain | Ollscoil na Gaillimhe | Comhalta Taighde Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge | Ar an Láthair (mír 4 & 5 amháin) |

PRÍOMHCINNTÍ TÓGTHA:

- Aontaíodh miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin, an 29 Meán Fómhair 2023;
- Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile den Choiste ar siúl Dé hAoine, an 24 Samhain 2023, i bhfoirgneamh Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1;
- Aontaíodh go réiteodh an Roinn téarmaí tagartha don ghrúpa oibre teicniúil a bhunófaí chun críche alt 9A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021.

PLÉ AR AN gCLÁR INA IOMLÁINE:

1. **Fáilte ón gCathaoirleach**:
    - Cuireadh tús leis an gcruinniú le ráiteas oscailte ó Chathaoirleach an Choiste, an Dr. Aodhán Mac Cormaic;
    - Cuireadh fáilte faoi leith roimh Edel Mhic Amhlaidh a bhí ag seasamh isteach do Jim Molloy, agus Sandra Cairns a bhí ag seasamh isteach do Shinéad Coleman ag an gcruinniú.

2. **Miontuairiscí an Chruinnithe roimhe sin:**
    - Aontaíodh miontuairiscí chruinniú an Choiste roimhe sin a tionóladh ar Aoine, an 29 Meán Fómhair 2023.

3. **Nithe atá tagtha chun cinn:**

**3.1. Alt 9A den Acht Leasaithe:**

- Dúradh gur pléadh an coincheap laistigh den Roinn grúpa oibre teicniúil a bhunú chun críche na forála seo agus go rabhthas báúil dá leithéid;
- Pléadh na roghanna maidir le comhlachtaí ábhartha a mbeadh ionadaíocht acu ar an ngrúpa oibre;
- Aontaíodh go ndréachtódh an Roinn téarmaí tagartha don ghrúpa oibre teicniúil a bheadh le glanadh ag an gcéad chruinniú eile den Choiste.

**3.2. Róil Cumarsáide le Gaeilge:**

- Luadh go bhfuil mionsonraí deiridh an leabhráin eolais á bplé idir an t-aonad gnó agus Roinn an Taoisigh;
- Go bhfuil foclaíocht an Achta ionchorpraithe sa leabhráin úd, rud d'fhéadfadh a bheidh úsáideach don tSeirbhís um Cheapacháin Poiblí (SCP) do chomórtais amach anseo;
- Go mbeidh an dréacht-chás gnó agus an leabhráin eolais le faomhadh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe (R/CPSPA) ina dhiaidh sin;
- Go bhfuiltear ag súil go ndéanfaí an comórtas a reáchtáil roimh dheireadh na bliana, ach go gcaithfear é seo a phlé leis an tSCP agus an R/CPSPA.

**3.3. Líonra Gaeilge:**

- Luadh go bhfuil an cás gnó don togra curtha faoi bhráid an Aire Stáit le ceadú;
- Go bhfuiltear ag súil go seolfar an líonra i Ráithe 1 2024.

### 3.4. Cruinniú le hOllscoil Mhá Nuad:

- Luadh go raibh cruinniú idir dhá aonad gnó sa Roinn le lucht Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) in Ollscoil Mhá Nuad ar an 25 Deireadh Fómhair 2023 chun na féidearthachtaí acmhainneacht TEG a mhéadú, a phlé;
- Luadh an scéim dheonach do mhúinteoirí agus an €1m breise atá faighte faoi leithdháileadh na Gaeilge agus na Gaeltachta don scéim dheonach sin;
- Pléadh córais TEG agus an Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha ina dhiaidh sin, agus moladh go ndéanfaí modúil éigeantacha feasachta agus cearta teanga a fhorbairt do sheirbhísigh phoiblí.

### 3.5. Cruinniú leis an Garda Síochána:

- Luadh go raibh cruinniú idir an t-aonad gnó agus ionadaithe an Gharda Síochána ar an 23 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis na bearta atá ar bun san eagraíocht sin chun críche chur i bhfeidhm an Achta, go príomha mar a bhaineann sé le hearcaíocht;
- Pléadh freisin alt 9A-9E den Acht, i gcomhthéacs na gcóras atá i bhfeidhm san eagraíocht;
- Luadh chomh maith gur dea-scéala é go bhfuil deichniúr le hinniúlacht i nGaeilge earcaithe le déanaí a bheidh in ann seirbhís a sholáthar trí mheán na Gaeilge;
- Pléadh na constaicí a bhaineann le hearcaigh nua an Gharda Síochána sa chomhthéacs nach bhfuil sé mar pholasaí earcaigh nua a bheith lonnaithe ina gceantar dúchais.

## 4. Cur i Láthair - Foireann Taighde Ollscoil na Gaillimhe:

- D'fháiltigh an Cathaoirleach roimh an Dr. Kerron Ó Luain, Comhalta Taighde agus Ceannasaí na foirne taighde don Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge, a bhí i láthair chun staid reatha an taighde a chur i láthair an Choiste;
- Tar éis an chuir i láthair, bhí seisiúin ceisteanna agus freagraí ann;
- Mhol an Coiste an obair agus ghabh na baill buíochas leis an Dr. Ó Luain as an uasdátú.

## 5. Forbairt an Phlean Náisiúnta:

- Luadh, tar éis an phróisis earcaíochta a reáchtáil Ollscoil na Gaillimhe i mí Mheán Fómhair don dara Comhalta Taighde, go bhfuil an t-iarrthóir rathúil curtha ar an eolas, agus go bhfuil na próisis chuí ar bun sula dtosaíonn siad ar an ról i lár mhí na Samhna 2023.

## 6. Tráchtaireacht faoin gCoiste sna Meáin:

- Dúradh go raibh ailt éagsúla ábhartha sna meáin ón gcruinniú deireanach, mar seo a leanas:

- Ailt éagsúla i ndáil le Cáinaisnéis 2024 agus an leithdháileadh don Ghaeilge agus don Ghaeltacht:
  - Dar dáta an 11 Deireadh Fómhair 2023 ar Tuairisc.ie - lena n-áiríodh €0.5m breise do fheidhmiú iomlán rathúil na reachtaíochta teanga;
  - Dar dáta an 12 Deireadh Fómhair ar Tuairisc.ie.
- Alt dar dáta an 13 Deireadh Fómhair 2023 ar Tuairisc.ie maidir leis an taighde a rinne B&A don Roinn ar mheonta daoine óga i leith gairmeacha le Gaeilge agus gairmeacha san earnáil phoiblí trí chéile.
- Alt dar dáta an 17 Deireadh Fómhair 2023 ar Tuairisc.ie i dtaca leis an t-alt roimhe seo, agus ag soiléiriú go bhfoilseofaí ina iomlán, an taighde atá á dhéanamh don Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge.
- Alt dar dáta an 25 Deireadh Fómhair 2023 ar Tuairisc.ie maidir le hathbhreithniú a dhéanfar ar an Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge chun go mbeadh sé ag díriú ar na riachtanais earcaíochta in Éirinn mar aon leis na cinn san Aontas Eorpach, agus an feachtas feasachta a rollfar amach sa tréimhse romhainn.
- Alt dar dáta an 25 Deireadh Fómhair 2023 ar *Seachtain* de chuid an Irish Independent maidir le slite beatha éagsúla le Gaeilge, agus sprioc earcaíochta na reachtaíochta.
- Agallaimh dar dáta an 25 Deireadh Fómhair 2023 ar chlár *7 Lá* TG4 le Stiúrthóir na Gaeilge agus Cathaoirleach an Choiste, agus ceann eile le John Prendergast, ionadaí ar an gcoiste den phobal Gaeilge laistigh den Ghaeltacht, maidir leis an suirbhé a choimisiúnaigh an Roinn, a bheidh mar bhunlíne don fheachtas feasachta.
- Alt dar dáta an 25 Deireadh Fómhair 2023 ar *Mayolive.ie* maidir le deichniúr atá inniúil i nGaeilge a earcaíodh don Gharda Síochána tríd an sruth tiomnaithe Gaeilge.
- Alt dar dáta an 26 Deireadh Fómhair 2023 ar Tuairisc.ie maidir le ceist Dála a aistríodh ón Aire Harris go dtí Aire Stáit na Gaeltachta i dtaca le sprioc earcaíochta na reachtaíochta.

7. Dáta don Chéad Chruinniú Eile:

- Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile den Choiste ar siúl Dé hAoine, an 24 Samhain 2023, i bhfoirgneamh Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

8. Aon Ghnó Eile:

- Luadh go bhfuarthas cuireadh ó Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge teacht os a chomhair ar an 22 Samhain 2023, chun plé a dhéanamh ar obair reatha an Choiste Chomhairligh i dtaca lena dul chun cinn.

24 Samhain 2023

| | |
|---|---|
| Rúnaí | Dáta Faofa |